AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.7.2024
COM(2024) 317 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le tarmligean na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le tarmligean na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile

1. RÉAMHRÁ

Glacadh Rialachán (AE) 2020/740([1]) maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile an 25 Bealtaine 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021. Aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 leis.

Le lipéadú bonn, cuirtear ar a chumas tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh bunaithe ar thásca soiléire maidir le héifeachtúlacht breosla, fliuchghreim agus faisnéis fhorlíontach thábhachtach eile. Is féidir leis cur go mór leis an spáráil breosla agus san am céanna, an nuálaíocht agus infheistíochtaí i bhforbairt agus i margú bonn níos fearr a spreagadh. Trí na cheanglais ghaolmhara a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, téann lipéadú bonn chun tairbhe do mhonaróirí, an earnáil tionsclaíochta agus geilleagar an Aontais trí chéile([2]).

Tá feidhm ag na rialacha a leagtar amach sa Rialachán ó bhí an 1 Bealtaine 2021 ann agus cumhdaítear leo éifeachtúlacht breosla, sábháilteacht agus feidhmíocht torainn sheachtraigh bonn nua le haghaidh gluaisteáin paisinéirí (C1), feithiclí tráchtála éadroma (C2) agus busanna agus leoraithe (C3). Leis an lipéad úsáidtear an córas aicmithe dathchódaithe aitheanta a úsáidtear le haghaidh fearais tí amhail miasniteoirí agus cuisneoirí, cé nach bhfuil ach cúig aicme éagsúla ar fáil le maidir le friotaíocht rollta agus fliuchghreim, agus trí aicme maidir le torann seachtrach rollta. Is táscaire é friotaíocht rollta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh boinn. Cuidíonn sé le custaiméirí boinn a roghnú ag a bhfuil ídiú breosla níos ísle agus lenar féidir síneadh a chur leis an achar is féidir le feithicil a thaisteal idir pointí athbhreoslaithe nó luchtaithe. Idir an dá linn, is príomhghné sábháilteachta é an tomhas fliuchghreama, rud a léiríonn feidhmíocht an choscánaithe. Cuidíonn an lipéad le tomhaltóirí rogha níos eolaí a dhéanamh, bunaithe ar fhaisnéis bhunriachtanach fhíorasach agus boinn nua á gceannach acu. Ó cuireadh an Rialachán i bhfeidhm, tá an Chlárlann Táirgí Eorpach um Lipéadú Fuinnimh (EPREL)([3]) ag feidhmiú go hiomlán anois, agus ní mór do sholáthróirí bonn aon chineál boinn a chlárú ina bunachar sonraí laistigh de raon feidhme an Rialacháin sula gcuirfear ar mhargadh an Aontais é. Chomh maith leis sin, is uirlis an-úsáideach é an lipéad mar aon leis na sonraí gaolmhara a bhailítear sa bhunachar sonraí táirgí EPREL([4])

---

1 Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1369 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009, IO L 177, 5.6.2020, lgh. 1–31, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/740/oj.

2 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin A ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Oibre 2022-2024 maidir leis an Éicidhearthóireacht agus Lipéadú Fuinnimh, EUR-Lex - 52022SC0101 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

3 https://eprel.ec.europa.eu/screen/home.

4 https://eprel.ec.europa.eu/screen/product/tyres agus https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/ecodesign-and-energy-label/product-list/tyres_en?prefLang=ga.

maidir le cinntí poiblí agus príobháideacha i dtaca le bulcsoláthar, amhail na cinntí sin a dhéanann bainisteoirí flít agus monaróirí feithiclí.

2. BUNÚS DLÍ

De réir Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2020/740, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán sin. Leagtar amach in Airteagal 14 go dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse tosaigh 5 bliana ón 25 Meitheamh 2020 agus leagtar amach ann na coinníollacha maidir le síneadh féideartha a chur leis an tréimhse sin. Faoin bhforáil sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana ar a dhéanaí. Is é is aidhm don tuarascáil seo an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, in Airteagal 14(2) den Rialachán leagtar síos nach mór tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Thairis sin, luaitear in Airteagal 14(3) gur féidir le Parlaimint na hEorpa nó leis an gComhairle tarmligean na cumhachta a chúlghairm tráth ar bith.

3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Níor fheidhmigh an Coimisiún go fóill na cumhachtaí tarmligthe a thugtar dó faoi fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2020/740. Is é is cúis leis sin go príomha nach bhfuil dálaí áirithe aibí go leor agus go háirithe na cúiseanna seo a leanas.

- Níorbh fhéidir gníomh tarmligthe a mholadh chun an Rialachán a fhorlíonadh i ndáil le **lipéadú bonn atráchta** faoin 26 Meitheamh 2022 ós rud é nach raibh modh iomchuí tástála ar fáil([5]). Mar sin féin, tá dul chun cinn déanta chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin. Sheol an Coimisiún staidéar ó shaotharlann neamhspleách atá speisialaithe i dtástáil homalógaithe feithiclí agus comhpháirteanna, chun measúnaigh i dtaobh an bhfuil togra tionscail maidir le lipéadú bonn C3, a tíolacadh i mí Dheireadh Fómhair 2022, bailí agus indéanta. Cuirfidh torthaí an staidéir bonn eolais faoi mheasúnú tionchair atá á sheoladh freisin. Maidir le dréacht-Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún, rachfar i gcomhairle ar bhealach iomchuí le páirtithe leasmhara ábhartha ó rialtais, comhlachais tionscail agus comhlachais tomhaltóirí a bhfuil saineolas acu ar ghníomhaíochtaí rialála a bhaineann le mótarfheithiclí ([6]).
- Níorbh fhéidir gníomh tarmligthe chun an Rialachán a fhorlíonadh a sheoladh go fóill chun paraiméadair nó ceanglais faisnéise maidir le **scríobadh bonn agus míleáiste** a áireamh toisc nach bhfuil aon mhodh iontaofa, cruinn agus in-atáirgthe ar fáil faoi láthair chun scríobadh bonn agus míleáiste a thástáil agus a thomhas. Tá obair ar an méid sin idir lámha, áfach, i gcomhthéacs Thascfhórsa Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Scríobadh Bonn (TF-TA) ([7]). An modh tástála a

5 Féach Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2020/740.
6 Meitheal an Choimisiúin um Mótarfheithiclí (MVWG).
7 https://wiki.unece.org/pages/viewpage.action?pageId=160694352.

bheidh mar thoradh air sin chun scríobadh a thomhas chun na híoscheanglais a shocrú i gcomhthéacs Rialachán Euro-7, beidh sé ar fáil go luath le haghaidh bhoinn C1. Leanfar de sin le haghaidh bhoinn C2 agus C3 ina dhiaidh sin. Tá sé beartaithe tús a chur leis an obair go luath, mar chuid de shainordú TF-TA, chun measúnú a dhéanamh ar mhodh chun acmhainneacht míleáiste bonn a mheas.

Thairis sin, de réir Airteagal 13, pointe 1, tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun leasú a dhéanamh ar chodanna D agus E d'Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II maidir le hinneachar agus formáid an lipéid boinn agus Iarscríbhinní III, IV, V, VI agus VII, trí na luachanna, na modhanna ríomha agus na ceanglais a leagtar amach i ndáil leis an dul chun cinn teicneolaíoch a oiriúnú. Shainaithin an Coimisiún réimse saincheisteanna cheana féin ar ina leith is dócha go mbeidh gá leis an gcumhachtú sin a úsáid agus tá sé beartaithe aige teacht ar chonclúid ina leith tráth nach déanaí ná i gcomhthéacs na tuarascála atá le tíolacadh faoin 1 Meitheamh 2025, i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán.

4. CONCLÚID

Measann an Coimisiún gur léir gur gá síneadh intuigthe 5 bliana a chur leis an tarmligean cumhachta, dá bhforáiltear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2020/740.

Maidir leis an ngá le rialacha a fhorbairt agus a ghlacadh bunaithe ar na cumhachtuithe a thugtar le hAirteagal 14, tiocfaidh siad chun cinn amach anseo. Níor tháinig athrú ar an réasúnaíocht atá le tarmligean na cumhachta. Tá an méid seo a leanas tábhachtach: (i) an tsolúbthacht sa chreat dlíthiúil a choinneáil ar bun chun é a fhorlíonadh nó a oiriúnú do riachtanais atá ag teacht chun cinn; agus (ii) na hiarscríbhinní thuasluaite a leasú nuair is gá chun sábháilteacht a áirithiú agus sláinte agus éifeachtúlacht eacnamaíoch agus chomhshaoil an iompair de bhóthar a chosaint. Féadfar na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh freisin bunaithe ar an taithí bhreise a fuarthas tríd an Rialachán a chur i bhfeidhm.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.